



Samhain 2024: Mí na Marbh

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025 ná *Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost*. Táimid ag súil le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025 a cheiliúradh, agus tapóimid an deis i rith mhí na Samhna, smaoineamh ar an mhuintir a d'imigh romhainn agus guí go dóchasach ar a son, ar mhaithe leis an aiséirí. Bímid thar a bheith broidiúil agus tógtha le cúrsaí scoile, agus tugann an acmhainn seo deis agus scóip dúinn cuimhneamh air, go gcaithfear dul trí léan an bháis le teacht ar ghlóir na beatha síoraí, mar a gheall Dia dúinn.



'Mise an t-aiséirí agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé, agus gach duine a mhaireann is a chreideann ionamsa, ní bhfaighidh sé bás choíche. An gcreideann tú an méid sin?'
(Eoin II:25-26)

Don Pharóiste

Is féidir an tráth seo a shuiteáil i lár na dtéamaí liotúirgeacha do mhí na Samhna, agus don Aifreann/Liotúirge ar Lá na Marbh, agus smaoineamh ar an mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne. Is fiú guí orthusan nach bhfuil duine ná deoraí le paidir a chur ar a son, chomh maith. Is féidir an tSeirbhís Urnaí (leath. 9) a chur ar siúl sa pharóiste le páistí nó le déagóirí.

Acmhainní

- Ábhar oiriúnach ó *Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann*
- Ceacht na Sóisear (N. Bheaga-Rang 2/P1-P4)
- Ceacht na Sinsear (Rang 3-Rang 6/P5-P7)
- Seirbhís Urnaí an Chuimhneacháin



Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna na hÉireann

LEIBHÉAL 1	LEIBHÉAL 2
<p>Snáithe: An Creideamh Críostaí Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</p> <ul style="list-style-type: none">Ba mhaith le Dia go mbeadh cách sona go síoraí ar neamh leis. (1 Eoin 3:2; 1 Cor 13:12; <i>Teagasc Críostaí na hEaglaise Caitlicí</i> [CCC], 1023).Ar bhás dúinn téimid abhaile chun Dé. (CCC, 1020). <p>Snáithe: Liotúirge & Urnaí Snáithaonad: Urnaí Bhreise</p> <ul style="list-style-type: none">Urnaí ar son na mairbh/ar son na n-easlán agus iad san ar tí báis.	<p>Snáithe: An Creideamh Críostaí Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</p> <ul style="list-style-type: none">Gheall Íosa beatha úr ar domhan dúinn agus tar éis bháis dúinn.Creidimid go gcuirfidh Dia glao ar neamh orainn ar uair ár mbáis (CCC, 1011).Is é plean Dé ar bhás dúinn go rachaimis ar neamh le maireachtáil in éineacht le Dia, le hÍosa, le Muire, leis na haingil agus leis na naoimh. (CCC, 1024). <p>Snáithe: Liotúirge & Urnaí Snáithaonad: An Bhliain Liotúirgeach</p> <ul style="list-style-type: none">Ar Lá Fhéile na Marbh cuimhníonn an Eaglais ar an mhuintir a fuair bás, agus guitear ar a son.
LEIBHÉAL 3	LEIBHÉAL 4
<p>Snáithe: An Creideamh Críostaí Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</p> <ul style="list-style-type: none">Ba mhaith le Dia go mbeadh cách sona ar neamh go síoraí leis, trí Íosa ár Slánaitheoir. (<i>Gaudium et Spes</i> [GS], 18; CCC, 1026).D'aiséirigh Críost ó na mairbh ina chorp féin agus chuaigh ar neamh ionas go bhféadfaimis An Bheatha Shíoraí a roinnt leis in am agus i dtráth. (CCC, 666–7).Arsa an Tiarna Íosa, 'An té a chreideann ionam, beidh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach.' Creideann na Críostaithe go dóchasach go bhfuil beatha úr i ndán dóibh le hÍosa aiséirithe. Tugtar An Bheatha Shíoraí air. (1 Cor 15:23–4).'Díreach mar a d'aiséirigh Críost, agus maireann go síoraí, aiséireoidimid féin ar Lá an Luain. (CCC, 1016; 1 Cor 15:54–7).Creideann na Críostaithe go bhfeicfidh siad Críost ar lá an bháis, go mbeidh siad ina theannta. (1 Cor 13:12).	<p>Snáithe: An Creideamh Críostaí Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</p> <ul style="list-style-type: none">Leanfaidh an mhaith atá ar domhan, go síoraí ar neamh.Cabhraíonn gach gníomh cineáltais, flaitiúlachta, seirbhíse, le tógáil na ríochta.Is é sonas na bhflaitheas ná maireachtáil go síoraí le Dia agus leis na naoimh ar bhealach grámhar tuisceanach. (CCC, 1024, cf. 1026–7).Éagfaidh an corp, ach aiséireoidh arís (ar bhealach athnuaithe) ag deireadh ré. (Aiséirí na Colainne; cf. <i>Lumen Gentium</i>, 48; CCC, 988–90, 1020).De bharr ghrásta agus trócaire Dé, táimid dóchasach mar Chríostaithe go bhfuil an mhuintir a ghráigh Dia in éineacht leis ar neamh. (GS, 18).Guíonn an Eaglais go slánófar cách. (CCC, 11058).Guíonn na Caitlicigh ar son na n-anamacha i bpurgadóir ar Lá na Marbh agus ar feadh na bliana.Cuireann an Eaglais na mairbh faoi choimirce thrócaire Dé agus guíonn an Eocairist agus paidreacha eile ar a son.



Ceacht na Sóisear Naíonáin Bheaga-Rang 2 (P1-P4)

Nótaí don Oide

Cuireann Tráth na Samhna i gcuimhne dúinn, gur gheall Dia dúinn go bhfuil an t-aiséirí i ndán dúinn, ionas gur féidir beatha nua i gCríost a bheith againn. Tá an oiread sin ghrá ag Dia dúinn nach féidir leis an mbás féin, é a shárú.

Geallann Íosa go bhfillfidh gach duine a chreideann ann abhaile chuige ar neamh nuair a gheobhaidh siad bás. An mhuintir mhuirneach a fuair bás, tá siad anois ar neamh le hÍosa agus is féidir linn guí in airde chucu, agus ar a son.

I rith mhí na Samhna, agus ar Fhéile na Naomh Uile agus ar Lá na Marbh (1 agus 2 Samhain), cuimhnímid ar ár muintir agus ar ár gcairde a d'imigh romhainn chun na beatha síoraí le Dia.

Is daoine dár leithéidí iad na naoimh. Chaith siad saol maith, rinne siad cúram dhaoine eile, ghuíodar agus rinne siad iarracht feabhas a chur ar an domhan. Tá aithne againn ar Naomh Pádraig agus ar Naomh Bríd. B'fhéidir go bhfuil ár scoil nó ár gclub CLG áitiúil ainmnithe i ndiaidh naomh. Cé hiad naoimh an lae inniu? Cé hiad na daoine a thaispeánann dúinn an chuma atá ar ríocht Dé? An bhfuil clú orthu, nó an iad na saghsanna daoine a fheicimid inár saol féin?



Bíodh na hoidí cúramach maidir le gnéithe áirithe den ábhar seo a chur os comhair na ndaltaí, i gcás na ndaoine sin ar cailleadh gaolta leo le déanaí, ach go háirithe.

Tá físeán de mhuintir Lego a mhíníonn bunús Oíche Shamhna anseo:
https://www.youtube.com/watch?v=Oy66_pgeORA.

Smaoinigh

Pléigh tréithe éagsúla na míosa seo, mí an chuimhneacháin, leis an rang trí na ceisteanna seo a chur orthu:

1. Cad is naomh ann?
2. Bhfuil aithne againne ar naomh ar bith?
3. Cén fáth go mbíonn ceiliúradh Oíche Shamhna ar an 31 Deireadh Fómhair?

(An lá roimh Fhéile na Naomh Uile) Má bhíonn amhras ar na páistí, tabhair nod dóibh agus scríobh 'An tráthnóna roimh Fhéile na Naomh Uile' ar an glár bán.)





Pléigh

Mínigh an fáth le go ndéanaimid Lá Fhéile na Naomh Uile a cheiliúradh: Is lá ar leith é an 1 Samhain i saol na hEaglaise, agus féile á cheiliúradh ar a dtugtar Lá Fhéile na Naomh Uile. Is ar an lá seo a ghuíonn an Eaglais ar son na ndaoine a fuair bás agus atá ar dheaslámh Dé ar neamh. Freastalaímid ar Aifreann mar chuimhneachán ar na daoine sin a bhfuil suaimhneas síoraí acu i bhfochair Dé.

Is naoimh iad na daoine sin a mhair agus a fuair bás i ngrá Íosa. Is baill teaghlaigh iad, ár gcairde agus ár gcomharsana iad cuid de na daoine seo. Ní eol dúinn ainmneacha na naomh go léir. Bhí cuid de na daoine seo chomh cosúil le hÍosa go ndúirt an Eaglais, nuair a fuair bás, gur cinnte go bhfuil siad ar neamh. An bhfuil ainmneacha cuid de na naoimh seo ar eolas agat? (Beidh freagraí éagsúla ann.)

Mínigh do na daltaí gur naoimh nár fíoraíodh go fóill muid. Is naoimh iad na daoine a ghránn Críost, agus a roinneann a chuid grá le daoine eile. Is féidir le cách maireachtáil ar nós Chríost, cé go gcónaímid ar domhan go fóill. Abair bealach amháin ina bhféadfaimis maireachtáil ar nós na naomh, agus muid sa bhaile, ar scoil, i measc phobal an tsráidbhaile nó sa bhaile mór. Nuair a thugann na páistí samplaí, abair leo: Iarrann Dia orainne ar fad a bheith inár naoimh. Is féidir a leithéid a dhéanamh trí na rudaí a luamar cheana féin a dhéanamh. Sin an rud a lorgaíonn an Tiarna uainn.

Gníomhaíocht


I rith mhí na Samhna, cuimhnímid ar an mhuintir mhuirneach a d'imigh romhainn. Chun cabhrú linn cuimhneamh orthu siúd a bhfuil grá againn dóibh agus atá ar shlí na fírinne, agus chun ár ndóchas a léiriú go bhfuil siad anois ar dheaslámh Dé, scríobhfaimid na hainmneacha nó tarraingeoidh muid pictiúir díobh ar Bhileog Oibre na Sóisear (lth. 5). Is féidir leis na daoine seo a bheith ina mbaill teaghlaigh, ina gcairde, mar chomharsana nó mar pheataí a bhíodh againn. Is féidir linn cuimhneamh chomh maith ar na daoine sin nach bhfuil aon duine acu a chuirfeadh paidir ar a son.

Cuir na leathanaigh ar taispeáint sa spás urnaí.



Tráth na Samhna

Bileog Oibre do na Sóisir





Ceacht na Sinsear Rang 3–Rang 6 (P5–P7)

Nótaí don Oide

Díríonn Tráth na Samhna ar an mbealach ina mbíimid, mar lucht leanúna Íosa, mar phobal an dóchais. Mairimid agus dóchas an aiséirí a gheall Íosa ionainn, agus creidimid go mbíonn saol úr síoraí in éineacht le Dia ag na daoine a imíonn romhainn.

Geallann Íosa dúinn go bhfillfidh na daoine maithe a chreideann ann ar ais chuige ar uair an bháis. An mhuintir mhuirneach a d'imigh romhainn agus atá anois in éineacht le hÍosa, is féidir linn guí chucu, agus guí ar a son chomh maith.

I rith mhí na Samhna agus ar Lá na Marbh (2 Samhain), cuimhnímid ar an mhuintir mhuirneach agus ar na cairde atá tar éis filleadh ar neamh. Cuimhnímid chomh maith orthusan nach bhfuil duine ar bith eile a chuirfeadh paidir ar a son.

Bíonn sé deacair dúinn uaireanta, maireachtáil leis an dóchas seo, go háirithe nuair a fhaigheann duine den mhuintir mhuirneach bás. Is féidir linne mar Chríostaithe, ffrinne an ghealltanais a thuiscint sa mhíorúilt inar thóg Íosa iníon Jairus ó na mairbh. Chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar an míorúilt seo, díreoidh an ceacht seo ar an mbealach inar féidir linn cuimhneamh ar ár ngaolta a fuair bás, go háirithe le linn mhí na Samhna.

Tá ár saol ar go leor bealaí, cosúil le séasúir an domhain álainn seo a chruthaigh Dia dúinn. Bímid óg agus ag fás in earrach an tsaoil, ag bláthú sa samhradh, ag aibiú agus ag éirí níos sine san fhómhar. Deir an Bíobla: 'Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir' (Cóheilit 3:1).



Bíodh na hoidí cúramach maidir le gnéithe áirithe den ábhar seo a chur os comhair na ndaltaí, i gcás na ndaoine sin ar cailleadh gaolta leo le déanaí, ach go háirithe

Smaoinigh

Bíodh plé gearr ann leis an rang maidir leis an rud a chreidimid a tharlaíonn dúinn mar Chríostaithe, nuair a fhaighimid féin, nó duine dár muintir bás. Cá háit a dtéimid? Cad a tharlaíonn ag an tsochraid?

Nóta: 'Creidimid go gcuirfidh Dia glao ar neamh orainn ar uair ár mbáis (CCC, 1011). Is é plean Dé ar bhás dúinn, go rachaimis ar neamh le maireachtáil in éineacht le Dia, le hÍosa, le Muire, leis na haingil agus leis na naoimh' (CCC, 1024).

Bíodh gur baill teaghlai iad na daoine seo, nó cairde, nó peataí fiú, bíonn sé an-deacair dúinn nuair a fhaigheann duine a ghrámar bás. Is rud nádúrtha é go mothóimis brónach, feargach, uaigneach nó go mbeadh mearbhall orainn tar éis dúinn duine a chailleadh.

Geallann Íosa dúinn, go bhfillfidh gach duine a chreideann ann abhaile chuige ar neamh, nuair a gheobhaidh siad bás. Iad siúd a ghrámar agus a fuair bás, tá siad anois ar neamh le hÍosa agus is féidir linn guí chucu agus guí ar a son.

I rith mhí na Samhna agus ar Lá na Marbh (2 Samhain), cuimhnímid ar ár muintir agus ar ár gcairde a d'fhill abhaile ar neamh.



Pléigh

Foghlaimimid faoi ghealltanas Íosa ón mhíorúilt inar thóg sé iníon Jairus ó na mairbh (Marcas 5:35-43):

Le linn dó bheith ag caint tháinig daoine ó theach cheann urra na sionagóige ag rá: ‘Tá d’iníon tar éis bháis; cén fáth a mbeifeá ag cur as don Mháistir níos mó?’ Ba chlos d’Íosa an comhrá agus dúirt le ceann urra na sionagóige: ‘Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid.’ Agus ní ligfeadh sé do dhuine ar bith dul leis ach Peadar agus Séamas agus Eoin deartháir Shéamais. Ar theacht dóibh go dtí teach cheann urra na sionagóige, chonaic sé an callán agus na daoine ag gol agus ag olagón go hard. Agus ar dhul isteach dó dúirt sé leo: ‘Cén fáth a bhfuil sibh ag déanamh calláin agus ag gol? Ní marbh atá an leanbh ach ina codladh.’ Agus bhí siad ag fonóid faoi. Ach chuir sé amach iad uile, agus rug sé leis athair agus máthair an linbh agus iad seo a bhí leis, agus chuaigh isteach mar a raibh an leanbh ina luí. Agus rug sé greim lámhe uirthi agus dúirt léi: ‘*Talitha koum!*’ – focail a chiallaíonn: ‘A chailín bhig, deirim leat, éirigh!’

D’éirigh an cailín agus shiúil sí thart, mar bhí sí dhá bhliain déag. Agus bhí ionadh agus alltacht orthu. Ach chuir sé mar acht orthu go cruca gan a fhios seo a bheith ag aon duine, agus dúirt rud le hithe a thabhairt di.

Tá beochan an scéil maidir le héirí iníon Jairus ó na mairbh anseo:

https://www.youtube.com/watch?v=5UQ8la6HG_o.



Gníomhaíocht

Scríobh tuairisc faoin mhíorúilt amhail is dá mbeifeá i láthair, nó déan cur síos air le haghaidh Preas na Gailíle mar atá ar bhileog oibre na Sinsear (lth. 8).

Gníomhaíocht Bhreise

Bíodh am ag na daltaí le smaoinemh/labhairt faoi dhaoine a bhfuil grá acu dóibh, a fuair bás. D’fhéadfadh baill teaghlach, cairde nó peataí a bheith i gceist. Is féidir leis na páistí pictiúir a tharraingt nó ainmneacha na ndaoine a thagann chun cuimhne a scríobh. Cuir na pictiúir agus na hainmneacha scríofa seo i mbosca sa spás naofa sa seomra ranga.

Téigh ar Aifreann leis na daltaí ar lá scoile i rith mhí na Samhna má bhíonn an deis ann. Iarr cead ón sagart an bosca urnaí a chur ag bun na haltóra i rith an Aifrinn.



Tráth na Samhna
Bileog Oibre na Sinsear

Preas na Gailíle
INÍON JAIRUS ÉIRITHE
Ó NA MAIRBH!



Seirbhís Urnaí

Is féidir an tseirbhís urnaí a reáchtáil sa seomra ranga, i halla na scoile nó sa seomra urnaí. D'fhéadfaí an tseirbhís a shruthú ó sheomra amháin ar fud na scoile, nó gach aon rang a bheith ag gabháil dá sheirbhís féin.

Nithe Don Spás Urnaí

- Leabhar/crann/bosca cuimhneacháin
- Bíobla do pháistí
- Bord
- Scaraid bhán
- Coinneal
- Uisce Coisricthe
- Cros Chéasta

Ceannaire: Mora daoibh ar maidin. Cruinnímid lena chéile inniu mar phobal na scoile, agus é ar intinn againn guí ar son na muintire a fuair bás, agus na cairde, na gaolta is na comharsana san áireamh chomh maith. Guímid orthusan nach bhfuil duine ar bith a chuirfeadh paidir ar a son. Cuimhnímid orthu ach go háirithe i rith mhí na Samhna agus ar an ngealltanais a deir go bhfuil an t-aiséirí romhainn, agus go gcuirfeadh deireadh le gach olagón. Tuigimid go sáraíonn grá Dé an bás, agus guímid go mbeidh fáilte mhór ar dheaslámh Dé rompu san atá ar shlí na fírinne.

Cuirimid tús lenár nguí in Ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Amen.

Amhrán Tosaigh: I Watch the Sunrise (nó iomann oiriúnach ar bith).

Ceannaire: Cuimhnímid inniu ar an mhuintir a fuair bás agus cuirimid an bosca urnaí ar altóir na Samhna. Múineann Íosa dúinn go sáraíonn grá Dé, an bás. Éistimis anois le briathar Dé.

Léacht: Sliocht as leabhar Íseáia fáidh (25:6-9):

Ullmhóidh Tiarna na Slua ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir cóisir saille, cóisir do rogha na bhfionta, de smior na saille, de thogha agus de rogha na bhfionta; agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin a bhí ag clúdach na gciníocha go léir, agus an eisléine a bhí ag folach na náisiún uile; cuirfidh sé an bás ar ceal go deo.

Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir; tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile; óir is é an Tiarna a dúirt é.

Déarfar an lá sin: 'Breathnaí, is é ár nDia é, a raibh muid ag dréim le slánú uaidh; is é an Tiarna é, a raibh muid ag dréim leis. Déanaimid gairdeas agus lúcháir mar gur shlánaigh sé sinn.'

Sin é Briathar Dé.

Cách: Buíochas le Dia.



Ceannaire: Guímid lena chéile ar son na ndaoine a fuair bás. Is é an freagra ná: ‘Go lonraí solas Chríost orthu.’

Cách: ‘Go lonraí solas Chríost orthu.’

Léitheoir 1: Ar son na muintire is na cairde a fuair bás. (Freagra)

Léitheoir 2: Ar son na múinteoirí agus na daoine ar fhoireann na scoile a fuair bás. (Freagra)

Léitheoir 3: Ar son lucht an pharóiste agus ar son an phobail a d'éag le bliain anuas. (Freagra)

Léitheoir 4: Ar son na ndaoine a fuair bás nach bhfuil duine ar bith ann, le smaoineamh orthu. (Freagra)

Léitheoir 5: Ar son na ndaoine a chonaímid in aghaidh an lae. (Freagra)

Léitheoir 6: Ar son na ndaoine a ainmnítear i mbosca urnaí na Samhna. (Freagra)

Ceannaire: Tuigimid gur ghuigh Íosa go leanúnach chuig ár nAthair ar neamh. D'iarr sé orainne an ghuí chéanna a dhéanamh chun an Athar. Dá bhrí sin tá sé de mhisneach againn a rá, mar a d'iarr sé orainn:

Cách: Ár nAthair ...

Ceannaire: A Dhia ghrámhar, gabhaimid buíochas as saol na muintire muirní a fuair bás. Cuimhnímid go sásta orthu agus ar an lucht is an grá a thugadar leo isteach inár saol. Iarraimid ort aire a thabhairt don mhuintir a chonaímid, do bheannacht a chur orthu, agus do ghealltanais maidir leis an aiséirí a chur i bhfeidhm dóibh. Deonaigh go n-athaontófar ar neamh muid, nuair a chuirfear deireadh le gach olagón. Déanaimid ár nguí trí Chríost ár dTiarna.

Cách: Amen.

Léitheoir 7: Go dtuga an Tiarna tacaíocht dúinn ar feadh an lae, go dtiocfaidh an tráthnóna le clapsolas, go dtagann an saol gnóthach chun stad agus go mbíonn maolú ar fhiabhras na beatha, agus saothar an lae tagtha chun deiridh. Ansin, mar Thiarna trócaireach, go mbronnfaidh sé leaba i measc na naomh orainn, agus suaimhneas síoraí.

Ceannaire: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

Cách: Amen.

Amhrán Deiridh: Is é an Tiarna m'Aoire (nó iomann oiriúnach eile)